

AN SGINÉARA.

Tá iasgán sa bhfarraige a bhfuil sliogán fada géar air, an sginéara. Tá an sliogán chomh fada le do mhéir agus ar déanamh an sgríú. Tá an sliogán ag caolú siar agus an ceann thiar chomh géar le snathaid. Is ins an gceann reamhair den sliogán atá an réal agus an t-iasgán le feiceál istigh agad. Marbhuigheann an sginéara an t-oistre agus an muirín. Nuair a osgluigheas oistre nó muirín a shliogán le rud ithe bíonn an sginéara ag faire agus sáthann sé a shliogán féin isteach faoin oistre nó faoin muirín. An ceann reamhair a bhfuil a bhéal ann a chuireann sé isteach agus ní féidir leis an oistre nó an muirín dúnadh ná sliogán an sginéara a bhriseadh. Itheann sé an t-oistire nó an muirín. Ní imtheócha an sginéara go mbeidh an t-oistre marbh agus ithte aige. Síleann an t-oistre dúnadh agus is amhlaidh a fháisceann sé ar an sginéara dá choinneál. Nuair a bhíos an t-oistre marbh bogann an greim agus osglann an sliogán agus tá an sginéara saor. Is faocha an sginéara.

Cuachmaí.

Faochain mhóra fairrge agus sliogán mór ortha ar dhéanamh sliogáin an tseilmeide nach mór.

Tá lannach ar chloigeann an iasgáin féin chomh mór le ionga duine agus é cruaidh láidir. Cuireann an chuachma na hadharca amach go díreach ar nós an tseilmeide i n-íochtar na feamaine duibhe.

Clisbín rud beag, blaosg chruaidh, déanamh an ghriomaí air i n-íochtar an chradaigh ar thrágha mhór.

Similéara gabhail éadain.

Matal maide matail an tsail os cionn na teineadh.

Almóir poll sa mballa le hais na teineadh sgailp sa mballa.

Fágtar an t-iarann smúdála ann, ceirtlín snátha agus an píopa.

Meacan an chradáin

Liodáin ar na crotail a bhfuil na dealga ortha a fhásas ar an gcradán.